

I DTREO AN CHNEASAITHE AGUS NA HATHNUACHANA

Freagairt thréadach ó Chomhdháil Easpag Éireann
mar chomóradh bliana ar fhoilsíú

Thréadlitir an Phápa Rónaofa Beinidict XVI chuig Caitlicigh na hÉireann

I DTREO AN CHNEASAITHE
AGUS NA HATHNUACHANA

Freagairt thréadach ó Chomhdháil Easpag Éireann
mar chomóradh bliana ar fhoilsíú
Thréadlitir an Phápa Rónaofa Beinidict XVI chuig Caitlicigh na hÉireann

Arna fhoilsiú 2011 ag
Foilseacháin Veritas
7–8 Sráid na Mainistreach Íochtar
Baile Átha Cliath 1
publications@veritas.ie
www.veritas.ie

ISBN 978 1 84730 259 3

Cóipcheart © Comhdháil Easpag Caitliceach Éireann, 2011

Tá ábhar an fhoilseacháin seo cosanta ag dlí an chóipchirt. Seachas an méid a cheadaítear ag an dlí, ní cheadaítear atáirgeadh a dhéanamh ar an ábhar seo (agus stóráil i gcóras aisghabhála san áireamh) nó é a sheachadadh i slí ar bith, athchóiriú a dhéanamh air nó é a thabhairt ar cíós nó ar iasacht gan cead scríofa úinéirí an chóipchirt. Is gá iarratais ar chead a chur chuig an bhfoilsitheoir.

Tá tuairisc catalóige don leabhar seo ar fáil ó Leabharlann na Breataine.

Is é Cathal Ó Catháin a d'aistrigh an t-ábhar go Gaeilge.
Dearadh le Colette Ní Dhóir, Veritas
Walsh Colour Print a chuir i gcló in Éirinn

Tá leabhair Veritas clóbhuailte ar pháipéar ó laíon adhmaid foraoiseacha bainistithe. Do gach crann a leagtar, cuirtear ar a laghad crann amháin nua, athnuachtar leis sin acmhainní nádúrtha.

An mhí-úsáid a d'imir sagairt áirithe agus baill oird chrábhaidh ar Jeanaí, b'éagóir uafásach í. Thug ceannairí na hEaglaise freagra uireasach ar an mhí-úsáid seo, géarghoin nárbh éasca a leigheas go hiomlán, má leigheastar riamh í.

Ní féidir le leithscéal ar bith, gníomh aithrí, nó fíorbhrón, cúiteamh a dhéanamh i dtaobh an ghortaithe a d'fhulaing na daoine sin ar imríodh mí-úsáid orthu, agus a d'fhulaing a muintir: theip daoine a bhí in ainm is a bheith ag craobhscaoileadh shoiscéal Íosa Críost orthu, agus rinne leatrom uafásach orthu. Is cúis náire dúinn an méid seo, agus tá aiféala an domhain orainn faoi na bealaí inar theip orainn féin.

Ba mhaith linn ár léan a chur in iúl inniu, agus gealltanais a thabhairt maidir leis an tiomantas atá againn i leith an tionscnaimh atá ann faoi láthair, agus i leith roinnt nua tionscadal a chuirfear i bhfeidhm. Tá súil againn go bhfeabhsóidh an tionscnamh seo an tacaíocht phearsanta, tréadach, spioradálta agus praiticiúil atá ar fáil do na marthanóirí a d'fhulaing an mhí-úsáid fhisiceach agus gnéasach a d'imir sagairt áirithe agus baill oird chrábhaidh na hEaglaise Caitlicigh in Éirinn orthu.

Mar a deir An Pápa Rónaofa Beinidict XVI ina *Litir Thréadach* chuig Caitlicigh na hÉireann, 'Ná ceapadh aon duine go dtiocfar ar réiteach gasta ar an fhadhb phianmhar seo.' Níl sa mhéid a leagtar amach anseo inniu ach cuid bheag den fhreagairt leathan agus den aistear fada atá roimh an Eaglais chun síocháin agus cneasú a thabhairt chuig marthanóirí na mí-úsáide. Baineann cuid den aistear seo leis an dúshlán atá ann, dóchas agus féinmhuinín a thabhairt arís don iliomad duine óg, do thuismitheoirí, do phobal an pharóiste agus do na sagairt agus do bhaill oird chrábhaidh atá feargach, éadóchasach nó in isle brí toisc gur

imríodh mí-úsáid ar dhaoine óga a bhí faoi chúram na hEaglaise, agus toisc gur theip ar an méid sin de cheannairí na hEaglaise tosaíocht a thabhairt do chúram agus do chion a bheith acu ar an óige maidir leis an fhreagairt a thug siad ar na coireanna uafásacha seo.

Tá súil le Dia againn go gcabhróidh an tionscnamh atá á fhógairt inniu le hatógáil agus le hathnuachan a dhéanamh ar dhóchas agus ar mhuinín an phobail.

Bhunaíomar na cinní atá á bheartú anseo ar an gcomhrá a bhí againn mar dhaoine aonair agus mar mheithleacha easpag le marthanóirí ón mhí-úsáid a d'imir an chléir san Eaglais Chaitliceach in Éirinn orthu. Tabharfaidh na bearta seo ceangaltas maidir le trédhearcacht agus deachleachtas a chur i bhfeidhm i gcónaí ar chosaint leanaí sa toadhchá. Tá tiomantas ann chomh maith go n-éistfeair leis an bpobal agus go dtabharfar freagairt chuí air, agus go gcuirfeair níos mó acmhainní spioradálta agus liotúirgeacha ar fáil a chabhróidh leis an gcneasú.

Tá an tiomantas seo mar chuid d'iarracht níos leithne atá ar bun sa pharóiste agus sa deoise chun a chinntiú go gcuirfeair an deachleachtas i bhfeidhm maidir le cosaint leanaí, agus go gcuirfeair leigheas ar fáil do na daoine a d'fhulaing an mhí-úsáid. Cabhraíonn an tionscnamh seo leis an obair atá idir lámha go forleathan cheana féin ag Comhdháil na nOrd Crábhaidh in Éirinn, Aontas Mhisinéirí Éireann, agus oird chrábhaidh indibhidiúla ó thaobh traenáil, comhairle agus seirbhísí cosanta leanaí a chur ar fáil, chomh maith le tacaíocht spioradálta a chur ar fáil do dhaoine a d'fhulaing an mhí-úsáid. Tá súil againn go mbeidh an tionscnamh a leagtar amach inniu, chomh maith leis an iarracht chuimsitheach atá á dhéanamh ag pobal na hEaglaise i gcoitinne, mar chéimeanna breise a chabhróidh ar bhealach tábhachtach cabhrach ar an aistear chun na hathnuachana agus chun an chneasaithe a lorgaíonn marthanóirí na mí-úsáide. Táimid tiomanta ónár gcroí istigh chuig an aistear seo.

Tá na céimeanna a ghlacfaimid leagtha amach ar na leathanaigh a leanann:

1. PAIDREACHA DO MHARTHANÓIRÍ NA MÍ-ÚSÁIDE

Maidir leis an bpobal Críostaí, is cuid bhunúsach den aistear chun na hathnuachana agus chun an chneasaithe í, an urnaí. Bíonn an fhírinne go smior i bhfoirmiú na hurnaí, agus an cneasú mar éifeacht aici, nuair a eascraíonn sí go fíréanta ón réaltacht a bhaineann lenár saoil.

Labhair go leor de na marthanóirí linn maidir leis an meas a bhí acu ar na paidreacha a d'ofráil daoine indibhidiúla agus pobail pharóisteacha ar a son. Tugaimid cuireadh ar leith do bhaill na n-ord rinnfheithimh in Éirinn, gné áirithe de shaol laethúil na hurnaí a thiomnú do ghuí a dhéanamh ar son na ndaoine sin a d'fhulaing mí-úsáid ó shagairt nó ó bhaill oird chrábhaidh. Táimid tiomanta chuige go mbeidh an chéad Aoine mhíosúil tiomnaithe mar lá troscaidh agus urnaí mar chúiteamh ar an mhí-úsáid a d'imir an chléir, agus ar an fhreagairt uireasach a thug ceannairí na hEaglaise ar an mhí-úsáid seo. Spreagaimid na pobail pharóisteacha ar fad chun urnaí phoiblí agus urnaí phríobháideach a dhéanamh ar mhaithe leo sin a d'fhulaing mí-úsáid mar phaistí. Díreach mar ar spreag An Pápa Rónaofa Beinidict XVI na Caitlicigh ar fud na hÉireann chuige, déanfaimid féin athnuachan ar an tiomantas atá againn d'aithrí na hAoine agus béim ar leith á leagadh againn ar léan na ndaoine sin a d'fhulaing an mhí-úsáid bheith á thabhairt chun cuimhne.

Tuigeann an pobal Críostaí go rímhaith cumhacht an liotúirge maidir le léamh na Scríoptúr, urnaí, ceol, siombail, agus machnamh bheith á thabhairt le chéile faoi théama áirithe chun sólas, cneasú, tacaíocht agus athnuachan a thabhairt chucusan a d'fhulaing an dólás is an cailteanas. Is iomaí duine a tháinig slán ón mhí-úsáid a thug le fios dúinn gur mhaith an rud é dá mbeadh liotúirge den saghas sin á chur ar fáil ag am cuí, agus in áit chuí. Dá bharr sin, beimid ag iarraidh ar ghrúpa áirithe

náisiúnta féachaint chuige le go bhféadfaí liotúirge na haithrí, an chneasaithe agus an leorghnímh a chur i gcrích. I measc bhail an ghrúpa seo beidh marthanóirí ón mhí-úsáid, agus daoine eile a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí scríoptúrtha, diagachta agus liotúirgeacha, chomh maith le hionadaithe ó shaol an pharóiste. Cuirfidh an grúpa seo moltaí ar fáil maidir leis an gcineál liotúirge a bheadh oiriúnach d'ócáid mar seo, agus cén áit agus cén uair is fearr an liotúirge seo a cheiliúradh.

2. ÉISTEACHT ÍOGAIR AIREACH A THABHAIRT

Ceann de na laigí ba mhó a bhí ann san am atá thart ná nár éisteamar nuair a rinne na daoine a d'fhulaing an mhí-úsáid a d'imir sagairt áirithe agus baill oird chrábhaidh orthu, caoineadh dólásach. Is minic ar tharla nár éist duine ar bith leosan a labhair amach go cróga faoin mhí-úsáid a d'fhulaing siad. Is minic nach bhfuair guth an duine leochaileach éisteacht ar bith. Inniu is ea déanaimid an tiomantas atá againn d'éisteacht oscailte, íogair, aireach a thabhairt do na daoine a d'fhulaing an mhí-úsáid, a athnuachan. Leanfaidh gach uile dhuine againn de bheith ar fáil go pearsanta chun bualadh leis na marthanóirí ón mhí-úsáid agus chun éisteacht aireach a thabhairt don eispéreas ar an saol atá acu.

Is ríthábhachtach an rud é go gcuirfeadh pobal an pharóiste fáilte roimh na daoine a d'fhulaing an mhí-úsáid fhisiceach agus gnéasach a d'imir baill na hEaglaise orthu, agus go mbeadh tacaíocht agus éisteacht chomhbhách rompu. Caithfidh cách an méid ar tharla san Eaglais a admháil go hoscailte agus go macánta. Tugaimid cuireadh do shagairt, do bhaill oird chrábhaidh agus do na pobail pharóisteacha machnamh a dhéanamh ar an mbealach inar féidir leo a gcuid acmhainní sóisialta, tréadacha, liotúirgeacha agus spioradálta, agus an cumas aitheanta de chiall láidir oibre atá acu, a chur i bhfeidhm ar an bpróiseas cneasaithe a lorgaíonn na daoine a d'fhulaing an mhí-úsáid, agus a lorgaíonn a muintir chomh maith. Tá dualgas riachtanach le comhlíonadh ag pobal an pharóiste maidir leis an gcur i bhfocail a thabharfaidh an Eaglais Chaitliceach ar fad don tiomantas atá ann d'fhaillí an ama atá thart a leigheas, agus d'athnuachan agus do chneasú a chur ar fáil don uile dhuine a gortaíodh.

Labhair roinnt de na marthanóirí ón mhí-úsáid faoin tábhacht atá ann go n-éistfí i gceart leis an eispéreas saoil a bhaineann leo, ionas go mbeidh an scéal ar fáil don ghlúin atá le teacht. Tugaimid gealltanais anois go leanfaimid linn ag plé le marthanóirí na mí-úsáide, an bealach is fearr le go bhféadfaí an aidhm seo a chur i gcrích.

3. TACAÍOCHT SPIORADÁLTA PEARSANTA A CHUR AR FÁIL DO MHARTHANÓIRÍ NA MÍ-ÚSÁIDE

Bíonn tionchar domhain diúltach go minic ag an mhí-úsáid a imríonn an chléir nó baill oird chrábhaidh ar chreideamh na ndaoine a fhulaingíonn a leithéid, agus ar chreideamh a muintir chomh maith. Labhair go leor de na marthanóirí linn maidir leis an gcoimhlint a bhain leis an gcreideamh agus le bheith mar bhall den Eaglais, de bharr na mí-úsáide agus de bharr na freagartha a fuairadar. Labhair siad ach go háirithe linn faoi theip na hEaglaise maidir le cabhair oiriúnach a chur ar fáil dóibh teacht thar iarmhairt seo na mí-úsáide. Mar fhreagairt air seo tá bunsraith de thacaíocht spioradálta á chur le chéile againn a thacóidh leosan atá ag déileáil le cúrsaí creidimh de bharr gur fhulaing siad tráma na mí-úsáide a d'imir pearsanra na hEaglaise orthu.

4. TODHCHAÍ NÍOS SLÁINE A CHRUTHÚ DO PHÁISTÍ SAN EAGLAIS

Sa *Litir Thréadach* chuig Caitlicigh na hÉireann, deir An Pápa Rónaofa Beinidict XVI ‘Is trí ghníomhartha deimhneacha amháin a chuirtear i gcrích go hiomlán macánta agus go soiléir a athbhunófar meas agus dea-thoil phobal na hÉireann i leith na hEaglaise seo a bhfuilimid coisricthe tiomanta di lenár saol.

Le bliain anuas shínigh gach uile easpag in Éirinn, agus ceannairí oird chrábhaidh, meabhrán tuisceana leis an mBord Náisiúnta um Chosaint Leanaí in Eaglais Chaitliceach na hÉireann (NBSCCCI). Táimid tiomanta dá bharr chuige go gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán *“Cosaint Leanaí: Doiciméad Faoi Chaighdeáin agus Treoirlínte d’Eaglais Chaitliceach na hÉireann”*, foilsithe agus tugtha suas chun dáta ag an NBSCCCI. Is féidir teacht ar an doiciméad seo ag www.safeguarding.ie.

Istigh leis seo tá gealltanais ann go dtabharfar gach comhoibriú do na Gardaí, don FSS sa Phoblacht, agus don PSNI is don DHSSPS i dTuaisceart Éireann ó thaobh líomhaintí bheith ann i leith phearsanra na hEaglaise.

Chomh maith leis na treoirlínte agus na caighdeáin a d’fhoilsigh an NBSCCCI a chur i bhfeidhm, tá gach aon easpag ag cur acmhainní airgeadaíochta agus eile ar fáil ionas go gcuirfear oiliúint ar phearsanra an pharóiste agus an deoise maidir le cur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus na caighdeáin a d’fhoilsigh an NBSCCCI. Déanaimid athdhearbhú ar an ngealltanais a thugamar féachaint chuige go gcuirfear oiliúint chuí ar gach sagart a bhíonn ag obair i ndeoise, agus ar bhaill oird chrábhaidh, chomh maith le go leor tuataí, maidir leis an dea-chleachtas ó thaobh chosaint leanaí de, a chur i bhfeidhm.

Táimid tiomanta chuige i gcónaí do bheith ag comhoibriú leis an gcóras grinnfhiosrúcháin a bhíonn á réachtáil ag An Garda Síochána.

5. ATHBHREITHNIÚ AR DHEOISÍ, AR OIRD CHRÁBHAI DH AGUS AR CHUALLACHTAÍ SPIORADÁLTA Á DHÉANAMH AG AN mBORD NÁISIÚNTA UM CHOSAINT LEANAÍ

Is gá go mbeadh macántacht chuimsitheach ann i dtaobh na freagartha a thugaimid ar na líomhaintí a tharla, agus a thabharfaimid ar líomhaintí an ama i láthair, nó ar líomhaintí a thiocfaidh chun solais amach anseo maidir leis an mhí-úsáid a imríonn sagairt deoisí, ionas go ndéanfar atógáil ar mhuintir an phobail le gur féidir céim ar aghaidh a ghlacadh ar an aistear i dtreo na hathnuachana is i dtreo an chneasaithe. Thug Comhdháil Easpag Éireann, Comhdháil na nOrd Crábhaidh in Éirinn, agus Aontas Mhisinéirí Éireann, an tasc sannta don NBSCCCI, monatóireacht, léirbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh in aghaidh na bliana ar an gcomhlíonadh a dhéanann gach deoise agus ord crábhaidh ar na treoirlínte agus na caighdeáin a leagann an NBSCCCI amach. Tugann sé seo cead don NBSCCCI monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fhreagairt na n-easpag agus ar fhreagairt cheannairí oird chrábhaidh agus na cuallachtaí spioradálta ar gach eachtra de mhí-úsáid a thuiriscíodh.

Mar chuid de ghealltanais ar leith a thug na heaspaig maidir le trédhearcacht faoin am atá thart, chuir an NBSCCCI tús le hathbhreithniú ar an gcleachtas atá agus a bhí i bhfeidhm i ngach uile cheann de na sé dheoise fichead atá in Éirinn. Cuirfear an t-athbhreithniú seo i bhfeidhm ar gach uile ord spioradálta chomh maith.

6. TACAÍOCHT AIRGEADAIS DO CHOSAINT IS DO CHÚRAM NA TODHCHAÍ

Tá cuid mhaith deoisí tar éis infheistíocht mhór a chur i bhfiontair cosanta áitiúla, agus oiliúint, comhairliú is cabhair eile a chur ar fáil dóibhsan a d'fhulaing an mhí-úsáid. In Éirinn an lae inniu, tá teorainn leis an infheistíocht airgeadais atá ar fáil do na deoisí, chomh maith le heagraíochtaí eile, agus bíonn éilimh bhreise in aghaidh an lae ar an airgead seo.

- Mar chomhartha ar an tiomantas atá orainn maidir le freagairt cheart a thabhairt ar fhaillí an ama atá thart agus ar iarmhairtí na faillí seo, tugaimid gealltanais inniu go leanfar le hacmhainní airgeadais a chur ar fáil do na struchtúir atá ann le go ndéanfar óige na hEaglaise a chosaint agus go dtabharfar aire leanúnach do na daoine a d'fhulaing an mhí-úsáid. Déanfaimid amhlaidh ar bhealaí éagsúla. Ina measc áirítear:
- *Maoiniú an NBSCCCI agus na himeachtaí cosanta a bhaineann leis.* Ón uair a bhunaigh Comhdháil na nEaspag, CORI agus an IMU, an NBSCCCI sa bhliain 2006, tá suimeanna móra airgid bronnta acu le haghaidh chostas oibriúcháin an NBSCCCI, trí fhóirdheontais ó na deoisí agus ó na hoird indibhidiúla.
- *Ceangaltas cúig bliana go gcuirfidh Comhdháil na nEaspag airgead ar fáil chun seirbhís fheabhsaithe chomhairliúcháin a chur ar fáil, agus comh-mhaoiniú á dhéanamh ag na hoird chrábhaidh agus na cuallachtaí spioradálta uirthi.* Nuair a thugamar éisteacht do mharthanóirí na mí-úsáide, luaigh cuid mhaith acu an tábhacht a bhain leis na seirbhísí a chuir Faoiseamh ar fáil dóibh. Bhunaigh na hoird chrábhaidh an líne chabhrach agus seirbhís chomhairliúcháin neamhspleách seo Faoiseamh, agus is iadsan a thugann an chuid ba

mhó den chistiúchán di. Fógraíonn Comhdháil Easpag Éireann inniu go ndéanfaidh siad, i gcomhar leis na hoird chrábhaidh agus na cuallachtaí spioradálta, comhhaoiniú ar feadh cúig bliana ar an ngníomhaireacht nuabhunaithe 'I dTreo an Chneasaithe', tionscnamh a leanfaidh leis an obair atá déanta ag Faoiseamh, agus ag an am céanna beidh réimse feabhsaithe de roghanna chomhairliúcháin profisiúnta á chur ar fáil aige.

- *Tacaíocht Spioradálta.* Déanaimid fógra inniu faoi thionscnamh úr atá á thabhairt i láthair againn ar mhaithe leis na marthanóirí sin ar milleadh an creideamh iontu de bharr na mí-úsáide, agus gur mhaith leo an toradh áirithe seo den mhí-úsáid a shárú. Cuirfear ceist ar chuid de na hoird chrábhaidh agus na cuallachtaí spioradálta a bhfuil taithí agus saineolas acu maidir leis an cheist seo, bail a chur ar fáil leis an obair seo a dhéanamh.

Beidh siad ag obair i gcomhar le tuataí oilte agus le sagairt ó na deoisí, agus beifear ag súil leis gur féidir leo cabhrú leis na daoine sin a bhfuil fadhbanna creidimh ag goilleadh orthu de bharr tráma na mí-úsáide a d'imir pearsanra na hEaglaise orthu. Ceapfar treoraí spioradálta a bhfuil taithí oiriúnach aige nó aici chun an tionscnamh seo a chur le chéile agus a threorú. Cuirfear an tseirbhís seo ar fáil i dtosach báire go forleathan ar fud na hÉireann. Tá cainteanna ar siúl cheana féin le go bhféadfá an tseirbhís seo a chur ar fáil do mharthanóirí na mí-úsáide a chónaíonn sa Bhreatain. Beidh na sonraí faoin tseirbhís tacaíochta spioradálta seo á fhógairt againn i rith na míonna atá le teacht.

CONCLÚID: AN BEALACH CHUN AN CHNEASAITHE IS CHUN NA HATHNUACHANA

Sa *Litir Thréadach* chuig Caitlicigh na hÉireann, tugann An Pápa Rónaofa Beinidict XVI cuireadh dúinn dul ar aistear le chéile, aistear an chneasaithe, na hathnuachana agus an chúitimh. Lorgaíonn sé féinscrúdú macánta uainn, agus clár a bheadh tiomanta don athnuachan. Deir sé ach go háirithe, go bhfuil 'gá le fis nua le go spreagfaí an ghlúin seo agus na glúine atá romhainn le go mbeadh meas mór acu ar bhronntanas an chomhchreidimh'. Táimid ag súil go mór leis go gcabhróidh an tionscnamh atá á fhógairt againn inniu le cion tairbhe suntasach a chur ar fáil don aistear sin i dtreo an chneasaithe, na hathnuachana agus an chúitimh. Tugaimid gealltanas do chách go leanfar leis an bpróiseas caidrimh atá idir lámha againn leis na marthanóirí ón mhí-úsáid agus le tuataí, le sagairt agus le baill na n-ord crábhaidh maidir leis an mbealach ina bhféadfadh an Eaglais in Éirinn fis úr a chruthú don ghlúin seo, agus don ghlúin atá le teacht, le go spreagfar iad chun creidimh faoi choimirce na treorach agus na tacaíochta a thabharfaidh An Chuart Aspaldá chugainn.

Mar chríoch, tiomnaímid sinn féin chuige go mbeimid ag obair le Caitlicigh agus le lucht na dea-thola chun a chinntiú go dtabharfar aire cheart do pháistí na tíre seo, ionas go gcoimeádfar saor ón uile mhí-úsáid agus ón uile dhochar iad.

